dúchas.ie




# Lá Fhéile Pádraig

## Is iomaí cineál ceiliúrtha a rinneadh ar Lá Fhéile Pádraig le míle bliain nó níos mó.

Sa naoú céad d’ordaigh Leabhar Ard Mhacha do gach mainistir agus eaglais in Éirinn ceiliúradh a dhéanamh ar bhás Phádraig i lár an earraigh le féasta trí lá agus trí oíche.

dúchas.ie

In 1631 d'fhógair an Vatacáin ina naomh Caitliceach é.

Le 200 bliain nó níos mó, cuid lárnach d'fhéiltiúlacht Naomh Pádraig is ea na paráidí sráide in Éirinn, agus go háirithe *sna críocha eachtracha* sin mar a bhfuil rian diaspóra na tíre seo le fáil.

I Meiriceá Thuaidh go háirithe, ba léiriú bliantúil tábhachtach ar an *tsochaí agus an cultúr* inimirceach iad, paráidí sráide Lá Fhéile Pádraig.




dúchas.ie

I dtraidisiún dúchais na hÉireann cuirtear an naomh i láthair uaireanta mar phearsa mhiotasach a théann i gcomhrac leis an dia págánach Crom Dubh, agus cuirtear líon mór finscéalta eile síos dó.

Maidir leis an gcoincheap den éarlamh a ruaigeann na *nathracha* as Éirinn, is é atá ansin dáiríre, móitíf ar iasacht ó thraidisiún na Fraince a luaitear leis an naomh Honoratus de Lérins sa dara céad déag –


bhí tugtha faoi deara ag an údar Gréag-Rómhánach Solinus 200 éigin bliain roimh theacht Phádraig go hÉirinn nár chuid d'fhána na hÉireann iad na nathracha.

dúchas.ie

dúchas.ie


Go traidisiúnta, chaití cineálacha éagsúla cros ar lá féile an naoimh, fad a luaitear tús na 1700í leis an tuairisc is luaithe a thagann chugainn de chraobhóg seamróige a bheith thuas ag daoine.






Is cosúil go mba ghnás é craobhóg den phlanda a chur isteach i ngloine nuair a bhíodh sláinte an naoimh á hól, agus gur de sin a thagann an béas

***'an tseamróg a fhliuchadh'*.**


‘Caitheann na daoine go léir seamróg ar an lá san in *onóir* do Naomh Pádraig. Cuireann na daoine in Éirinn seamróg go dtí a muintir a bhíonn i Sasana agus caitheann siad í an lá san’
*~Baile Mhac Airt, Port Láirge*
dúchas.ie
Tuilleadh...

‘Caitheann na cailíní **crosanna Phádraig** nó **cláirsí glasa** ar a nguailne. Chuireadh na seandaoine bochta **slat sailí** isteach **sa tine** agus ansan do dheinidís **figiúir na croise** ar ghuailnibh na leanbhaí óga le barr na **slaite dóite**’

*~An Gort Buí, Ciarraí*

Tuilleadh…

dúchas.ie

‘Nuair a bhí Pádraig ag gabháil a thabhairt baisteadh do Oisín sháith sé an croisín insan talamh agus caidé rinne sé ach an croisín a chur fríd chois Oisín. Nuair a bhí an baisteadh thart thug sé fá dear caidé bhí déanta aige agus ar sé le Oisín

‘Ca tuige nár labhair tú?’.

‘Ó maise,’ deir Oisín, ‘shíl mise gur den bhaisteadh sin’.



~ An Chruach, Dún na nGall

Tuilleadh…

dúchas.ie

'Dúirt Naomh Pádraig go ndéanfadh sé cill ins an áit in onóir an chabhair mhór do thug Dia dhó agus ghlaoigh sé Achadh Cabhair ar an áit agus tá an t-ainm ar an áit ó shin. Rinne sé an chill ann, nuair a léigh sé a chéad Aifreann ann chuaigh sé suas an Chruach agus dhíbir sé na nathracha uilig as Éirinn.'

*~Béal Átha na mBreac, Gaillimh*

Tuilleadh…

dúchas.ie

# Marthain Phádraig

'Níl éinne de chineadh na hÉireann a deireas mo mharthain nach bhfuil fuascailt dóibh idir ghlas agus ghéibheann. Níl éinne a deireas mo mharthain ag dul in aghaidh na farraige nach dtiocfaidh aisti go slán'

*~ Cromghlinn, Gaillimh*

dúchas.ie

Tuilleadh…



# Scéalta eile as dúchas.ie

(Is féidir cliceáil orthu)

- Naomh Pádraig i bhFaoi-Choill
- Lá Fhéile Pádraig i mBaile an Chaisil
- Oisín agus Naomh Pádraig
- Mar a Chuir Naomh Pádraig Ruaig ar an nDiabhal